Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**5169/18**

**COAFR 8**
**CFSP/PESC 19**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5164/18 |
| Ábhar: | An tSiombáib<br>Conclúidí ón gComhairle (22 Eanáir 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an tSiombáib, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3591ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 22 Eanáir 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiombáib**

1. Tá dóchas mór i measc mhuintir uile na Siombáibe san aistriú polaitiúil atá ar bun sa tír faoi láthair. D'fhéadfaí, tríd an aistriú sin, an bealach a réiteach chun filleadh go hiomlán ar an smacht reachta, laistigh de chreat bunreachtúil agus faoi rialú sibhialtach, agus d'fhéadfaí athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha, a bhfuil géarghá leo, a ullmhú agus a chur chun feidhme.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé ar fáil chun teagmháil chuiditheach a dhéanamh leis na húdaráis nua, lena n-áirítear trí idirphlé polaitiúil struchtúrtha, le gníomhaithe polaitiúla ar fud an speictrim, agus leis an tsochaí shibhialta, ar bhonn tiomantas frithpháirteach do luachanna comhroinnte atá dírithe ar chearta an duine, ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar an smacht reachta. Déanfaidh sé amhlaidh, i gcomhordú le comhpháirtithe Afracacha agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

3. Is céim bhunriachtanach é an próiseas toghchánach atá ar na bacáin. Is díol sásaimh don Aontas gur gheall na húdaráis toghcháin a thionól i gcomhréir leis an mbunreacht, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh na dálaí ann chun go mbeidh na toghcháin sin síochánta, cuimsitheach, inchreidte agus trédhearcach. Bheadh an tAontas sásta breathnóireacht a dhéanamh ar na toghcháin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a éilítear agus go bhfaightear cuireadh ó Rialtas na Siombáibe.

4. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil sé ráite ag údaráis na Siombáibe go bhfuil sé i gceist acu athchóirithe eacnamaíocha a chur i gcrích sa tSiombáib, chun go dtacófar le cruthú post, leis an bhfás agus leis an bhforbairt fhadtéarmach, inbhuanaithe, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé toilteanach tacaíocht a thabhairt chun athruithe struchtúracha a bhfuil géarghá leo a phleanáil agus a chur chun feidhme agus chun an dea-rialachas a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, tacóidh an tAontas leis na húdaráis chun caidreamh cuiditheach a bhunú an athuair, a luaithe is féidir, le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta bunaithe ar chlár athchóirithe eacnamaíocha agus polaitiúla a bheidh soiléir agus a bheidh faoi réir sprioc-amanna.

5. Tá an tAontas réidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar raon iomlán a chuid beartas i leith na Siombáibe tráth ar bith chun an dul chun cinn a dhéanfar sa tír a chur san áireamh.